# Nuacht Neasáin

**Meán Fómhair 2014**

**Dátaí don Dialann**

Briseadh Meán Téarma / Mid Term

27/10 – 31/10 incl

An scoil dúnta / *school closed*

Laethanta Saoire na Nollag /

Christmas Holidays

19/12/13

Tá suirbhé Gaeloideas fós oscailte agus tá an nasc fós ar suíomh na scoile. Bheimis buíoch dá líonfadh sibh an suirbhé gearr seo (níl ann ach 10 gceist) ar SurveyMonkey muna bhfuil sé déanta cheana féin.

Gaeloideas survey is still open and the link is still available on www. scoilneasain.ie. We would appreciate it if you would take the time to respond (only 10 questions) if you have not already done so.

## Cruinnithe Tuismitheoirí le Muinteoirí

Tá súil againn na cruinnithe tuistí agus múinteoirí a eagrú ar an 12 agus 13 Samhain

*Parent Teacher Meetings are due to be held on the 12th and 13th November.*

# Nuacht agus Fógraí Ginearálta

Cuirimid fáilte mhór romhaibh ar ais chuig Scoil Neasáin, a pháistí agus a thuismitheoirí. Tá súil againn go raibh laetha saoire deas ag gach éinne agus gur bhain gach duine taitneamh as dul chun cinn na bpeileadóirí i rith an tsamhraidh. Go raibh bliainscoile shona, thairbheach, thaitneamhach againn.

Beidh na Naíonáin Shóisir ag dul abhaile ar 12.00am ón Déardaoin, 28 Lúnasa go dtí Dé hAoine, 12 Meán Fómhair.
Beidh Rang 1 ag dul abhaile ag 1.30 ón Déardaoin, 28 Lúnasa go dtí Dé hAoine 12 Meán Fómhair.

Beidh airgead le n-íoc ar ealaín, fotacóipeáil, cóipleabhair, árachas agus úsáid na bhfíorleabhar. Tá na sonraí thall. Ba mhór linn é dá bhféadfaí an íocaíocht seo a dhéanamh ar líne tríd an nasc EPP ar shuíomh na scoile. Míle buíochas do chuile dhuine a d'íoc cheana féin é.

Seo thíos múinteoirí na ranganna don scoilbhliain 2014- 2015:

Naí Shóis : Aisling Ní Mháirtín
Naí Shin : Seán Ó Fathaigh
Rang 1 : Seán Ó Fiacháin
Rang 2 : Bríd de Lóndra
Rang 3 : Niamh Nic Roibeáird
Rang 4 : Shane Ó Foghlú
Rang 5 : Tomás Ó Seibhlinn
Rang 6 : Jennifer Nic Ruairí
**Oide Acmhainne / Corp Oiliúna**: Orflaith Ní Mhaicín
**Foireann Tac. Foghlama**: Bríd Nic Giolla Mheana, Eimear Ní Chaithnia, Maire Ní Mhaoileoin
**Príomhoide** : Deirble Nic Conghamhna

*We welcome all pupils, parents and teachers back to Scoil Neasáin for the new school year. We hope that everyone had an enjoyable holiday especially enjoying the Dubs progress through the championship again this year. We wish everyone a happy and fulfilling year.*

*The Junior Infants will be going home at 12.00pm from Thursday 28th Aug to Friday , 12th September.*
*1st Class will be going home at 1.30 from Thursday 28th Aug - Friday 12th September.*

*Details regarding money for photocopying, art and craft materials, copybooks, insurance and the use of real books is printed below. Please use the online payment option on the school website using the EPP link to make this payment. Many thanks to all who have paid this money already.*

*The allocation of classes for the school-year 2014-2015 is listed opposite.*

| RANG | € |
|---|---|
| N1 | 50.00 |
| N2 | 50.00 |
| R1 | 45.00 |
| R2 | 50.00 |
| R3 | 50.00 |
| R4 | 50.00 |
| R5 | 50.00 |
| R6 | 50.00 |

## Gaeilge Timpeall na Scoile

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach duine a chuid leis an nGaeilge a chothú mar theanga bheo phobail na scoile, agus ní amháin teanga a labhraítear ó 9.00 go 2.30. Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil a lán Béarla á labhairt timpeall na scoile le déanaí, agus tuismitheoirí ag fágáil páistí agus á mbailiú. Iarraimid oraibh iarracht mhór a dhéanamh gan aon Bhéarla a labhairt timpeall na scoile, le múinteoirí, páistí, nó tuismitheoirí eile. Le do thoil spreag na páistí le Gaeilge a labhairt le chéile i gcónaí.

*In a Gaelscoil, it is vital that every member of the school community does their part to make Gaeilge a vibrant and living language, and not just something that is imposed from 9.00 to 2.30.*
*We have noticed that there is a lot of English being spoken around the school, when parents are dropping children and picking them up. Please make a big effort not to speak any English at school, to teachers, children, and other parents. Please encourage children to speak Irish to each other if you are giving lifts etc.*
*'Beatha teanga í a labhairt'*

**Clogaid ar na Rothair**
**Ba chóir go mbeadh clogad á chaitheamh i gcónaí ag gach páiste a thagann ar scoil ar rothar.**
***All children cycling to school must wear a helmet.***

I mbliana beidh bileog a sheoladh abhaile chun aon athraithe ar an mbileog eolais a chur in iúl. Tá se an-tábhachtach go gcuirtear in iúl don scoil má bhíonn athrú seoladh / feighlí / uimhreacha teagmhála nó r-phost ag an gclann. Iarrtar ar gach clann an bhileog seo a sheoladh ar ais isteach chomh luath agus is féidir. Iarrtar ort a chinntiú freisin go bhfuil an uimhir theagmhála atá againn do textaparent ag feidhmiú agus má tá aon athrú tagtha ar an uimhir a tugadh dúinn ar dtús é sin a chur in iúl do Mháire an rúnaí.

*This year a leaflet will be sent home looking for any changes to the previous year's bileog eolais. It is so important to inform the school of changes of address, minders, contact numbers and email addresses. Also please inform the school of any changes to a child's health.*
*We ask that all families provide a functioning mobile number for the textaparent facility. If your number has changed from the original one supplied to the school please inform Máire, the school secretary*

## Ranganna Gaeilge

Beidh ranganna Gaeilge á reáchtáil ag Honor Mhic Giolla Chlaoin arís i mbliana. Cuireann Honor ranganna taitneamhacha cumarsáide ar siúl sa scoil agus sa cheantar le linn na seachtaine. Gach eolas ó Honor 01 8530437

*Honor Mhic Giolla Chlaoin will be running Irish classes again this year in the school and the locality. Honor caters for beginners, intermediate and advanced learners and focuses firmly on communicative, everyday Irish. For more information contact Honor on 01 8530437.*

### Teacht ar scoil Déanach / Fagáil Luath

Iarraimid ar gach duine bheith ar scoil in am agus gan páistí a thógáil amach as an scoil go luath. Ní mór na hócáidí seo a chlárú san oifig nuair atá páiste déanach nó ag fágáil go luath. Tabharfar cárta don pháiste le go mbeidh a fhios ag an múinteoir ranga go bhfuil na sonraí cláraite san oifig.

*We ask that everybody is in time for school and that children are not taken home early. Such instances need to be recorded in the office when a child is late or leaves early. The childen will be given a slip for the teacher to indicate that the details have been recorded in the office.*

# Fóin Phóca / Mobile Phones

Meabhrú maidir leis an bpolasaí fón póca atá sa scoil. Ní dóigh linn go bhfuil aon ghá ag páiste bunscoile le fón póca ar scoil ach i gcásanna eisceachtúla má ta siad ag taisteal ar bhus nó ag freastal ar chluichí peile agus rl. ceadaítear an fón. Más rud é go mbíonn gá ag do pháiste le fón de bharr cúinsí eisceachtúla, ní mór nóta a sheoladh isteach ag an oifig. Is gá nóta nua a chur isteach gach bliain.

Reminding everybody of the school's mobile phone policy. We feel that primary school children do not need their phones in school except in exceptional circumstances if they are travelling on buses or attending matches etc. Should your child require a phone due to these circumstances a note should be submitted to the office. A new note is required each school year.

# Ranganna Breise: Extra Curricular Classes

Beidh Gaeloideas ag eagrú ranganna breise arís i mbliana. Tá liosta na ranganna thíos agus tús dáta luaite leo. Is féidir clárú ar líne ón 2 Meán Fómhair trí nasc EPP Ghaeloidis ar shuíomh na scoile. Líonfar na ranganna de réir mar a chláraítear gasúir. Is féidir clárú thar téacs nó r-phost freisin rangannagaeloideas@gmail.com nó 087-2978000. Tuilleadh eolais ó Áine Ní Bhrádaigh: 087-2978000

Nóta: Tá ar a laghad ceithre óglach ag teastáil chun feitheoireacht a chur ar fáil i mbliana idir 2.30 – 3.15 Dé Máirt. Gan óglaigh ní bheidh muid ábalta feitheoireacht a chur ar fáil agus ní bheidh cead ag páistí ón dara rang fanacht sa scoil idir 2.30-3.15.

**Dé Luain: 15/09/14**
**Rince** N2- R6 ( 12 seachtain @ €85))
**Francís** R3 – R6 ( 12 seachtaine @ €85)
*Má tá suim ag do pháiste an dá rang a dhéanamh den teagmháil le Áine 0872978000. Má tá uimhreacha againn seans go mbeidh rang Fraincíse eile ar an gCéadaoin.*

**Dé Máirt: 16/09/13**
**Feadóg R1 - R6** (12 Seachtain@ €85)
R1-2: 2.30 – 3.15 (tosaitheoirí)
R3-6: 3.15 – 4.00 (feabhsaitheoirí)*
(*beidh an fheadóg mhór á múineadh sa rang seo freisin i mbliana)

**Fidil: R1 - R6** (12 Seachtain@ €85)
R1-2: 2.30 – 3.15 (tosaitheoirí)
R3-6: 3.15 – 4.00 (feabhsaitheoirí)

**Dé Céad: 03/09/14**
**Judo: R2 – R6** (6 sheachtain @ €40)
Clárú ar an gcéad lá – íoc díreach leis an múinteoir.

Gaeloideas will be organising extra curricular classes again this year. The list of classes on offer is below with start dates. Registration can be done on line from the 2nd Sept by using the EPP/Gaeloideas link on the school web site. Classes will fill on a first come first served basis. Registration may also take place via txt to 087 2978000 or by email to rangannagaeloideas@gmail.com Further information from Áine Ní Bhrádaigh (087 2978000)
Note: We need at least four volunteers in order to provide supervision for children waiting for classes between 2.30-3.15 on Tuesday afternoons. Without volunteers we will be unable to provide supervision at this time and children will not be able to wait for the 3.15 class on school premises.
**Mon: 15/09/14**
**Irish Dancing** N2 - R6 (12 weeks @ €85)
**French** R3 – R6 (12 weeks @ €85)
**Note:** If your child is interested in both these classes please contact us as we may have another French class on Wednesday afternoons if numbers allow

**Tues:** 16/09/13
**Tin Whistle R1 – R6** (12 weeks @ €85)
R1-2: 2.30 – 3.15 (Beginners)
R3-6: 3.15 – 4.00 (Improvers)*
(*the flute will be taught during this class also)

**Fiddle R1 – R6** (12 weeks @ €85)
R1 - 2: 2.30 – 3.15 (Beginners)
R3 - 6: 3.15 – 4.00 (Improvers)

**Wed: 03/09/14**
**Judo: R2 – 6** (6 weeks @ €40)
Registration @ first class – pay teacher directly.

## Meabhrú re Cnónna sa Scoil / Nuts in School

Ní cheadaítear aon chnónna a thógáil ar scoil ag am ar bith nó aon táirgí le cnónna iontu a thógáil ar scoil. Tá col an-dáinséireach ag roinnt páistí sa scoil le cnónna.
*A reminder that children are not permitted to bring nuts or any nut products to school as a number of children have a life-threatening allergy to these products.*

# Laethanta Saoire / Holidays

Tá laethanta saoire na bliana seo socraithe agus tá an féilire ar fáil ar an suíomh idirlín. Déantar dátaí nua a líonadh isteach ar an bhféilire poiblí Scoil Neasáin le linn na bliana. Beidh cóip den fhéilire ar fáil chomh maith i ndialann na bpáistí ó ranganna 1 – 6

The school holidays have been fixed and a calendar is available on the school website. New dates are added to the public calendar on the home page during the year. The dates on which the school will be closed are outlined in the dialann scoile this year which all children from R1 – R6 have.